**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

**An Roinn um Pleanáil agus Infrastruchtúr Straitéiseach**
Planning and Strategic Infrastructure Department

# Iarratas ar Shíneadh Tréimhse na Ceada

**ACH LE hÚSÁID SAN OIFIG AMHÁIN:**
**Uimhir Thagartha: .............................**

**Déanfaidh Údarás Pleanála síneadh ama a chur le cead mar is cuí ar choinníoll go ndéantar an t-iarratas de réir rialacháin arna ndéanamh faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus go bhfuil an tÚdarás sásta maidir lena leithéid ceada:-**

- Cuireadh tús leis an bhforbairt lena mbaineann a leithéid cheada roimh dheireadh na tréimhse cuí a bhfuiltear ag iarraidh síneadh ama a chur léi,
- Rinneadh obair shubstaintiúil de bhun a leithéid cheada le linn na tréimhse sin, agus
- Tabharfar an fhorbairt chun críche laistigh de thréimhse réasúnta.

## Fógraí Tábhachtacha:

- **Ní mór iarratas a dhéanamh chun an tréimhse atá i gceist a fhadú tráth nach luaithe ná bliain amháin roimh dheireadh na tréimhse lena bhaineann.**
- **Tá alt 42(1)(a)(ii) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 tar éis dul as feidhm agus, mar sin, níl aon deis síneadh ama a chur le tréimhse na forbaitha nár tosaíodh nó nach bhfuil obair shuntasach déanta uirthi.**
- **Tá Scagadh MC agus MST riachtanach do GACH iarratas ar shíneadh ama (lena n-áirítear iarratais ar shínte breise an ama).**
- **Ní thabharfar Síniú Am na Ceada má tá MC nó MST ag teastáil i ndáil leis an síneadh ama atá beartaithe.**

**1. Ainm an Iarratasóra:**______________________________________________

**2. Ainm an Ghníomhaire:**______________________________________________

**3. Seoladh/Suíomh** an struchtúir nó na talún lena mbaineann an cead: _____________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**4. Sonraí an leasa dhlíthiúil sa talamh nó sa struchtúr atá i seilbh an iarratasóra** lena mbaineann an cead:

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

___

**5.** An fhorbairt **lena mbaineann an cead**:________:______________________________

___

___

**6.** **Uimhir Thagartha** Pleanála: [ ]

**7.** An dáta ar **cuireadh tús** leis an bhforbairt: [ ]

**8.** An dáta a **théann an cead i léig**: [ ]

**9.** An dáta a n-iarrtar **síneadh am an cheada** go dtí: [ ]

**10.** Sonraí na n-**oibreacha suntasacha a rinneadh** de bhun an cheada roimh dheireadh na tréimhse lena mbaineann:

___

___

**11.** Sonraí na g**cúinsí**, nach bhfuil smacht ag an duine atá i mbun na forbartha, ba chúis le neamh-chríochnú na forbartha:

___

___

**LENA FHADÚ A ThUILLEADH:**

**Ní mór an t-eolas breise seo a leanas a chur isteach i gcás go bhfuil iarratas á dhéanamh chun tréimhse an cheada a fhadú A THUILLEADH.**

**TABHAIR FAOI DEARA: Ní bhaineann Ceisteanna 12 – 15 ach amháin nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh chun tréimhse an cheada a fhadú a thuilleadh.**

**12.** An dáta ar **leathnaíodh** an cead: [ ]

**13.** An **Tréimhse** bhreise faoina n-iarrtar an cead a **Fhadú a Thuilleadh**: [ ]

**14.** An dáta a **cheaptar** go mbeidh an fhorbairt **críochnaithe**: [ ]

**15.** Sonraí na n-**oibreacha suntasacha** a rinneadh de bhun an cheada ó leathnaíodh an cead nó ó leathnaíodh a thuilleadh é.

___

___

___

Méid na táille iniata (TABHAIR FAOI DEARA: Sé €62 an táille le híoc): [ ]

Síniú an Iarratasóra (nó an Ghníomhaire):

___

## Iarratas ar Shíniú Am an Cheada

## SONRAÍ TEAGMHÁLA

| ACH LE hÚSÁID SAN OIFIG AMHÁIN:<br>Uimhir Thagartha: .............................. |
|---|

### Seoladh/Sonraí Teagmhála an Iarratasóra

| | |
|---|---|
| **Ainm:** | |
| **Seoladh:** | |
| **Guthán:** | **rPhost:** |

### Seoladh an Ghníomhaire (má bhaineann)

| | |
|---|---|
| **Ainm:** | |
| **Seoladh:** | |
| **Guthán:** | **rPhost:** |
| **Ar chóir gach comhfhreagras a chur chuig seoladh an Ghníomhaire? (Cuir tic sa bhosca cuí le do thoil)**<br><br>(Tabhair do d'aire, más 'Ní chóir' an freagra, seolfar gach comhfhreagras chuig seoladh an iarratasóra)<br><br>**Ba chóir [ ]      Ní chóir [ ]** | |

### Tuilleadh Sonraí Teagmhála

**Más mian leat, is féidir eolas teagmhála breise a chur ar fáil, ar nós sheoltaí ríomhphoist nó uimhreacha gutháin, agus ní bhainfidh an tÚdarás Pleanála úsáid as a leithéid ach amháin chun teagmháil a dhéanamh leatsa má mheastar go bhfuil gá leis le haghaidh an iarratais a riar. Ní chuirfear na sonraí breise seo ar fáil d'aon tríú páirtí.**

**AGUISÍN 1**

# Alt 42 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)

**An t-údaras chun tréimhse iomchuí a fhadú.**

**42.** — (1) Ar iarratas chuige sin, ach faoi réir fho-alt (8) , déanfaidh údarás pleanála, maidir le cead áirithe, an tréimhse chuí a fhadú cibé tréimhse bhreise nach faide ná 5 bliana is dóigh leis an údarás is gá a chumasú an fhorbairt lena mbaineann an cead a chríochnú ar choinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na ceanglais seo a leanas:

( *a* ) (i) gur deimhin leis an údarás —

(I) gur cuireadh tús leis an bhforbairt lena mbaineann an cead roimh dheireadh na tréimhse iomchuí a bhfuiltear ag iarraidh á fadú,

(II) scriosta

(III) go ndearnadh oibreacha suntasacha de bhun an cheada i rith na tréimhse sin, agus

(IV) go gcríochnófar an fhorbairt laistigh de thréimhse réasúnta,

( *b* ) go bhfuil an t-iarratas de réir cibé rialacháin faoin Acht seo a bhaineann leis,

( *c* ) go gcomhlíontar aon cheanglais de chuid na rialachán sin, nó a dhéanfar faoi na rialacháin sin, maidir leis an iarratas, agus

( *d* ) go ndéantar an t-iarratas go cuí roimh dheireadh na tréimhse iomchuí.

(2) Le linn don tréimhse chuí a fhadú faoi *fho-alt (1)* is féidir le húdarás pleanála coinníollacha a chur ag gabháil lena gceanglaítear urrús leordhóthanach a thabhairt chun an fhorbairt bheartaithe a chríochnú go sásúil, agus/nó is féidir leis aon choinníollacha a bhfuil an cead cheana féin a chur leis nó a athrú nó a leasú faoi réir*section 34(4)(g)*.

(3) ( *a* ) Sa chás ina ndéantar iarratas cuí faoin alt seo chuig údarás pleanála agus go gcomhlíontar aon cheanglais de chuid na rialachán faoi *alt 43*, nó a dhéantar faoi, maidir leis an iarratas, déanfaidh an t-údarás pleanála a chinneadh ar an iarratas. chomh gasta agus is féidir.

( *b* ) Gan dochar do ghinearáltacht *mhír ( a ),* beidh sé mar chuspóir ag an údarás pleanála a chinntiú go dtugann sé fógra faoina chinneadh ar iarratas faoin alt seo laistigh den tréimhse 8 seachtaine dar thosú —

(i) sa chás go gcomhlíontar na ceanglais go léir dá dtagraítear i *mír (a)* ar an lá nó roimh an lá sin a bhfaigeann an t-údarás pleanála an t-iarratas, agus

(ii) in aon chás eile, an lá a chomhlíontar a leithéid ceanglas uile.

(4) Ní dhéanfar cinneadh faoin alt seo um an tréimhse chuí an cheada a fhadú faoi thrí agus ní dhéanfaidh údarás pleanála an tréimhse chuí a fhadú a thuilleadh. I gcás ina ndéanfar an dara cinneadh um an tréimhse chuí a fhadú faoin alt seo, ní rachaidh comhréimhse an 2 fhadú thar 5 bhliain.

(5) Déanfar na sonraí maidir le haon iarratas a dhéanfar chuig údarás pleanála faoin alt seo agus maidir le cinneadh an údaráis pleanála i leith an iarratais a thaifeadadh ar an taifead lena bhaineann sa chlár.

(6) Sa chás ina ndéantar cinneadh fadú a dhéanamh faoin alt seo, déanfar, i ndáil leis an gcead lena mbaineann an cinneadh, *alt 40* a fhorléiriú agus beidh éifeacht leis, faoi réir théarmaí an chinnidh agus de réir théarmaí an chinnidh sin.

(7) D'ainneoin *fho-alt (1)* nó *(4)*, i gcás ina ndearnadh cinneadh chun tréimhse iomchuí a fhadú ag údarás pleanála roimh theacht i bhfeidhm an ailt seo, is féidir leis an údarás pleanála, i gcás ina dhéantar iarratas ina leith sula ndeacaigh an tréimhse faoinar cuireadh síneadh ama leis an tréimhse lena baineann i léig, a leithéid tréimhse a fhadú a thuilleadh ar an gcoinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na ceanglais seo a leanas —

(i) go ndéantar iarratas ina leith de réir na rialachán faoi *alt 43*,

(ii) go gcomhlíonfar aon cheanglais de chuid na rialachán, nó a ndéanfar fúthu, maidir leis an iarratas, agus

(iii) go bhfuil an t-údarás sásta nach bhfuil an fhorbairt lena baineann tugtha chun críche mar gheall ar chúiseanna nach bhfuil ar chumas an duine atá i mbun obair na forbartha.

(8) Ní dhéanfaidh údarás pleanála an tréimhse chuí faoin alt seo a fhadú i ndáil leis an gcead má tá gá le measúnacht tionchair timpeallachta nó le measúnacht chuí maidir le síneadh beartaithe an ama lena mbaineann.